

Dearbhú Cáilíochta / Feabhas Cáilíochta
Clár d'Aonaid Acadúla
2003-2004



Plean Feabhais Cáilíochta
do Fiontar

25 Eanáir 2005

Cuairt an Phiarghrúpa Athbheithnithe (PRG)	3 - 5 Márta 2004
Fuarthas Tuarascáil chríochnaitheach PRG	10 Bealtaine 2004
Fuarthas Plean Feabhais Cáilíochta Aonaid	8 Samhain 2004
An cruinniú ar lean tionólta	20 Nollaig 2004

An Próiseas ar Lean

- Tar éis tuarascáil chríochnaitheach an phiarghrúpa athbhreithnithe a fháil an 10 Bealtaine 2004 sheol an Stiúrthóir Cur chun Cinn Cáilíochta cóipeanna chuig:
 - Stiúrthóir na Scoile a chinntigh gur seoladh cóip chuig gach comhalta ar an bhfoireann agus a chuir an Scoil ar an eolas faoin riachtanas a bhí ann freagra aonaid (i gcomhchomhairle le Déan Dhámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta) a chur ar fáil.
 - An Uachtarán, comhalta eile ar an gCoiste Feidhmeach agus an Coiste Cur chun Cinn Cáilíochta.
- Sheol Stiúrthóir na Scoile Freagra na Scoile (agus na Dáimhe) chuig an Stiúrthóir Cur chun Cinn Cáilíochta ar 8 Samhain 2004.
- Thionóil an Stiúrthóir Cur chun Cinn Cáilíochta cruinniú ar lean as sin ar 20 Nollaig 2004 ag a raibh na rannpháirtithe seo a leanas:
 - Mar ionadaí ar an Aonad Cur chun Cinn Cáilíochta
 - An Dr Pádraig Walsh (Cathaoirleach)
 - Mar ionadaí don Scoil
 - An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín (Stiúrthóir na Scoile)
 - An Dr Peadar Ó Flatharta
 - Mar ionadaí don Dámh
 - An Dr Eithne Guilfoyle (Déan)
 - Mar ionadaí don Bhainistíocht Shinsearach
 - An tOllamh Albert Pratt (Leas-Uachtarán)
 - Mar ionadaí don Phiarghrúpa Athbhreithnithe
 - An tOllamh Martin Clynes (An Institiúid Náisiúnta um Biteicneolaíocht Cheallach)
- I ndiaidh an chruinnithe sin luaite thuas, dréachtaíodh an Plean Feabhais Cáilíochta agus cuireadh ar aghaidh é lena bhreithniú chuig an gCoiste Feidhmeach an 25 Eanáir 2005.
- Nuair a bheidh an Plean Feabhais Cáilíochta ceadaithe ullmhóidh an Stiúrthóir Cur chun Cinn Cáilíochta gearrthuarascáil ina mbeidh Tuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe agus an Plean Feabhais Cáilíochta lena mbreithniú (agus lena gceadú) ag an Údarás Rialaithe ar 10 Feabhra 2005.
- Foilseofar ansin Tuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe, an Plean Feabhais Cáilíochta agus an Ghearrthuarascáil chuig an Údarás Rialaithe ar láithreán gréasáin na hollscoile.

Clár

- 1.** Réamhrá
- 2.** Freagra ar na Moltaí i dTuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe
- 3.** Riachtanais acmhainní tosaíochtaithe
- 4.** Achoimre ar phlean bliana
- 5.** Achoimre ar Phlean Cúig Bliana

Iarscríbhinn a hAon

1. RÉAMHRÁ

Leanann an Plean Feabhais Cáilíochta an Tuarascáil Measúnaithe Scoile agus tuairisc an Phiarghrúpa Athbhreithnithe mar an tríú toradh ar an Athbhreithniú Feabhais Cáilíochta ar thug Fiontar faoi. Lean Fiontar na nósanna imeachta mar a leag Ollscoil Bhaile Átha Cliath síos iad faoi Acht na nOllscoileanna.

Is buntáiste mór do Fiontar é an t-athbhreithniú agus cuireann sé a bhuíochas in iúl do chomhaltaí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe a thug cuairt ar Fiontar agus ar DCU i Márta 2004 agus a rinne a gcuid moltaí ina dhiaidh sin i bhfoirm thuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe (PRG), (Bealtaine 2004).

Is mian linn buíochas a ghlacadh go háirithe leis an bPhiarghrúpa Athbhreithnithe:

An Dr. Donncha Ó Maidín, An Roinn Eolaíochta Ríomhaireachta & Córas Faisnéise, Ollscoil Luimnigh, Luimneach (Cathaoirleach)

An tOll. Maureen Murphy, An Roinn Curaclaim & Teagaisc, Ollscoil Hofstra, Long Island, Nua Eabhrac, Stáit Aontaithe Mheiriceá

An tOll. Brendan Whelan, An Stiúrthóir, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath

An tOll. Martin Clynes, Scoil na Biteicneolaíochta, DCU
Sheelagh Wickham, Uasal, An Scoil Altranais, DCU (Rapóirtéir)

as an mbealach tacúil, spreagúil ar thug siad faoina gcuid oibre agus as na moltaí agus na léargais fhiúntacha a chuir siad ar fáil.

Bunaíodh FIONTAR in 1993 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun clár idirdhisciplíneacha a fhorbairt agus a sheachadadh trí mheán na Gaeilge. Is í an fhiontraíocht mar a léiríonn an t-ainm Fiontar an croí-théama. Ba í an chéim an B Sc in Airgeadas, i Ríomhaireacht agus i bhFiontraíocht an chéad chéim a tairgeadh agus chláraigh mic léinn in 1994. Ba é sin an chéad ócáid a tairgeadh bunchéim go hiomlán trí Ghaeilge in aon Ollscoil seachas céim i ngnéithe a bhain leis an nGaeilge í féin. Go dtí sin is ar theagasc na litríochta agus na teanga a bhí an bhéim. Is é an aidhm a bhí leis an gcéim nua scileanna, go háirithe scileanna airgeadais agus ríomhaireachta a sholáthar agus ag an am céanna béim a leagan ar fhéiniúlacht náisiúnta na nÉireann sa chomhthéacs Eorpach.

Ó bunaíodh an Stát tá ról aitheanta ag an gcóras oideachais ag an tríú leibhéal ó thaobh athbheochan na Gaeilge. Is ábhar éigeantach í an Ghaeilge sa Mháithreánach d'iontráil chuig coláistí Ollscoil na hÉireann agus sannadh ról faoi leith do Choláiste na hOllscoile Gaillimh. Bheadh campas na Gaillimhe mar mhúnla ó thaobh campais don Ghaeilge agus dhéanfaí soláthar do chlár a mhúiní trí mheán na Gaeilge. Rinneadh staidéar ar an nGaeilge agus ar ghnéithe de litríocht na Gaeilge i nGaillimh agus sna hOllscoileanna eile. Ach ba scáinte go maith an soláthar trí mheán na Gaeilge ag leibhéal fochéime.

Le linn na 1980aidí léirigh tráchtairí ar nós an staraí aitheanta an tOllamh Joe Lee an ceangal idir féiniúlacht cultúir ar lámh amháin agus forbairt eacnamaíochta agus dul chun cinn ar an lámh eile. Dhírigh sé ar an drochbhail a bhí ar gheilleagar na hÉireann ag deireadh na 1980aidí agus an dea-bhail eacnamaíoch a bhí ar thíortha mar an Danmhairg agus an Fhionlainn – tíortha a chuireann a dteangacha dúchais chun cinn (Lee 1989).

Níor ghá a deir an tOllamh Lee an teanga dúchais a thréigean le mórtheanga dhomhanda a shealbhú chun dul chun cinn eacnamaíochta a dhéanamh – dearcadh a bhí fairsing in Éirinn ag an am agus atá go deimhin fós. Seo a leanas sliocht ón Ollamh Lee:

“The Irish have learned less effectively from the English speaking world than the countries who retained their own languages. Precisely because of their independence of language, and their knowledge of a wider range of languages, enabled them to preserve independence of mind, they were able to choose more discriminately among those features of English experience more appropriate to their own circumstances” (Lee 1989:667).¹

Sin í an bhunfhealsúnacht a bhí ag FIONTAR ón tús. Sa mhéid go ndéanfaí gach ábhar a theagasc trí Ghaeilge agus an riarachán ar fad trí Ghaeilge thioctadh mic léinn chun cinn a bheadh neamhspleách ó thaobh meoin agus fiontraíoch ina n-iompar. Chuideodh mic léinn den sórt sin go mór leis an bhforbairt náisiúnta agus bheidís mar cheannródaithe i saol eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann – bhunódh cuid acu fiontair dá gcuid féin agus chruthóidís fostaíocht.

Bhí ardú ar an éileamh ar oideachas lánGhaeilge ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal le linn na tréimhse sin. Bhí thart ar 30,000 dalta ag freastal ar oideachas lánGhaeilge agus bhí an t-ardú ag méadú in aghaidh na bliana. Dhéanfaidh FIONTAR freastal ar na mic léinn sin le go bhféadfaidís leanúint lena gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge ag an tríú leibhéal.

Aithníodh ón tús go n-éileodh an tionscadal foireann acadúil agus riaracháin dhúthrachtach a chreidfeadh i bhfealsúnacht FIONTAR lena chinntiú go n-éireodh leis an mbeart.

Faoin tráth ar tharla an chuairt QA bhí dhá chlár teagasctha á soláthar ag FIONTAR agus bhí socruithe acadúla don tríú céim á bpróiseáil trí na córais ollscoile.

- BSc i bhFiontraíocht le Ríomhaireacht/Gaeilge Fheidhmeach (FRGF)
- Diplóma do Chéimithe/MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais (MNTE).

Thosaigh an tríú clár Teastas/Diplóma/MA sa Chleachtas Dátheangach ó shin, cláraíodh na chéad mhic léinn dó i bhFómhar 2004.

¹ Lee, J. J. (1989) Ireland 1912 – 1985: Politics and Society. Cambridge University Press.

Ghlac an scoil cur chuige forghníomhach ó thaobh an phróiseas Dhearbhú Cáilíochta/Feabhais Cáilíochta. Féachadh air mar dheis mhaith le féachaint ar an obair a bhí déanta ag Fiontar le deich mbliana roimhe sin agus pleanáil a dhéanamh do na blianta amach romhainn. Ghlac foireann Fiontar an próiseas chucu féin agus de bharr an scoil a bheith beag bhí deis ag an bhfoireann ar fad a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas.

Chuir an Piarghrúpa Athbhreithnithe síos ar an Tuarascáil Féinmheasúnaithe mar seo "cuimsitheach agus rinneadh a ábhar a bhailíochtú sna comhráite a thionóil an PRG leis an bhfoireann, mic léinn agus daoine eile." B'údar misnigh don scoil iad torthaí thuarascáil PRG agus an tuairisc a rinneadh ar Fiontar mar "Scoil dhinimiciúil ghníomhach ... Tá béim láidir aige ar theagasc agus ar fhorbairt an mhic léinn ionas go bhféadfaidh an céimí feidhmiú go maith i saol na hoibre."

Údar misnigh do Fiontar freisin tacaíocht an Uachtaráin agus bhainistíocht shinsearach DCU ó thaobh fhorbairt Fiontar sna blianta amach romhainn go háirithe caint an Uachtaráin mar atá sí tugtha síos sa tuarascáil "Seasann Fiontar d'aetas DCU."

2. FREAGRA AR MHOLTAÍ I dTUARASCÁIL AN PHIARGHRÚPA ATHBHREITHNITHE

Bhí cosúlacht mhór idir na ceisteanna a bhí i dTuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe agus a bhí sa Tuarascáil Féinmheasúnaithe ó thaobh achoimre a dhéanamh ar láidreachtaí agus laigí, eagrú, bainistíocht, teagasc, taighde agus acmhainní na Scoile. Tá cur síos go mion ar gach moladh anseo ina dhiaidh seo. Níor thug scóip tuarascáil PRG deis don sainghrúpa breithniú a dhéanamh ar na mórcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar obair na scoile agus a forbairt amach anseo. Áirítear ar na réimsí sin stádas na Gaeilge in Éirinn, na himpleachtaí acmhainní a leanann an múnla maoinithe a úsáidtear faoi láthair chun maoiniú a dhéanamh ar oideachas tríú leibhéal in Éirinn agus na hualaí agus na constaicí breise a bhíonn le hiompar ag an Scoil agus ag an bhfoireann agus iad ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin i bplean forbartha cúig bliana Fiontar. Chuir tuarascáil PRG a cuid moltaí i láthair ag baint leasa as na critéir seo a leanas:

Moltaí d'Fheabhas Cáilíochta agus *Freagraí Orthu*

- P1:** Moladh atá tábhachtach agus a éilíonn gníomh práinneach.
P2: Moladh atá tábhachtach ach a bhféadfar (agus ar chóir b'fhéidir) aghaidh a thabhairt air in amscála níos faide.
P3: Moladh a éilíonn breithniú grinn ach nach meastar a bheith mar chuid dhlúth de cháilíocht ghníomhaíochtaí leanúnacha sa Scoil.

- S: Scoil
- D: Dámh
- O: Coiste Feidhmeach na hOllscoile/Bainistíocht Shinsearach

Déileálann freagra na Scoile le moltaí P1 ar dtús, ansin P2 agus P3.

P1: Moladh atá tábhachtach agus a éilíonn gníomh práinneach

<p>Moladh i dTuarascáil Phiarghrúpa Athbhreithnithe (Tá an leibhéal cuí freagra tugtha i lúibíní, cibé ag leibhéal na Scoile (S), na Dáimhe (D) nó Coiste Feidhmeach na hOllscoile/Bainistíocht Shinsearach (O))</p>	<p>Freagra sa Phlean Feabhais Cáilíochta</p>
Cúlra agus Comhthéacs	
<p>P1.1</p> <p>Ní mór soiléiriú a dhéanamh ar pholasaí DCU maidir leis an nGaeilge. Ní mór don Ollscoil 'láithreacht' níos 'Gaelaí' a bheith ar an gcampas. Tá gá le hidirdhealú dearfach. Molann an PRG go mbeidh ionchur ag Fiontar sa phróiseas sin. Cur le feiceálacht na Gaeilge i DCU m.sh. cur leis an gcomharthaíocht i nGaeilge ar fud an champais. Fáilte a chur i bhfógraí post de chuid DCU roimh dhaoine a bhíonn líofa i nGaeilge. Féachaint chuige go mbaintear an leas is fearr as foireann den sórt sin le go bhféadfar seirbhísí i nGaeilge a sholáthar don fhoireann, do na mic léinn agus don phobal agus ar an mbealach sin cuidítear le DCU a chuid oibleagáidí reachtúla agus dlíthiúla a chomhlíonadh. (S, O)</p>	<p>Tá tacaíocht leanúnach faighte ag an Scoil ó DCU ó bunaíodh í breis is deich mbliana ó shin. Via Fiontar tacaíonn an <u>Ollscoil</u> le hoideachas tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge ar bhealach uathúil agus nuálaíoch agus aithnítear sin go fairsing sa phobal acadúil agus sa phobal teanga araon. Braitheann breis forbartha ó thaobh na Scoile áfach ar shoiléiriú maidir le hacmhainniú amach anseo, ó DCU agus ón Rialtas. Creideann an <u>Scoil</u> nach féidir léi maireachtáil d'uireasa aitheantas ó na húdaráis mhaoinithe, go seachtrach agus go himmheánach, go mbaineann breis costais go dlúth le soláthar trí mheán na Gaeilge.</p> <p>Maidir le ceist níos leithne na Gaeilge ar an gcampas tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird ó bhí cuairt an PRG ann go bhfuil airteagail thábhachtacha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla anois ina ndlí. Tá DCU liostaithe go sonrach i measc na chéad 25 de na 650 foras a gceanglaítear orthu Scéim Teanga a ullmhú faoin Acht.</p> <p>Is ar an <u>Ollscoil</u> atá an fhreagracht maidir le hullmhú agus feidhmiú an Achta. Samhlaíonn an <u>Scoil</u> go mbeidh seachadadh clár acadúil trí Ghaeilge in Fiontar mar chuid dhlúth de scéim teanga DCU. Tá an <u>Scoil</u> sásta comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Ollscoil maidir le feidhmiú an pholasaí teanga ina ról níos leithne ó thaobh polasaí teanga a fheidhmiú, agus b'fhéidir go bhféadfadh sé cuidiú le seachadadh seirbhísí sonracha a éilítear ar an Ollscoil.</p> <p>Ní fhéachann an tÚdarás um Ardoideachas níos mó ar sheirbhísí Oifigeach Gaeilge mar thionscnamh speisialta. Níl spriocmhaoiniú ar fáil níos mó agus tá deireadh anois leis an bpost sin in Fiontar. Ceanglaíonn an dlí anois go ndéanfaí polasaí teanga DCU a fhoirmiú agus a fheidhmiú ar fud na hollscoile. Fáiltíonn an <u>Scoil</u> roimh na deiseanna a chruthaíonn an reachtaíocht teanga d'fhorbairt agus do leathnú clár acadúil sa Scoil.</p>

	<p>Tá an <u>Ollscoil</u> (trí Oifig an Rúnaí) ag gabháil d'fheidhmiú na Scéime Teanga. Tá coiste bunaithe ar a bhfuil Stiúrthóir na Seirbhísí Oideachais agus duine as Oifig na bhFoirgneamh. Tá an <u>Ollscoil</u> faoi láthair ag iarraidh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Cuirfear fógraí i nuachtáin Ghaeilge agus Bhéarla. Bunófar meitheal oibre chun dréachtscéim a ullmhú. Beidh an obair tugtha chun críche faoi dheireadh Mhárta 2005.</p>
<p>Cláir agus Teagasc</p>	
<p>P1.2</p> <p>Athbhreithniú ar straitéis margaíochta Fiontar. Moltar leas níos mó a bhaint as oifig margaíochta na hOllscoile agus an dea-thoil ar fud na hOllscoile. Theastódh rochtain a leathnú m.sh. mic léinn aibí, rochtain etc. Cláir fhorghníomhacha dírithe ar na grúpaí sin. Ba chóir breathnú ar mhodhanna nua margaíochta m.sh. teagmháil trí ghréasáin Ghaeilge etc. Féachaint ar chóir modúil 'aonair' a thairiscint d'fhorbairt ghairmiúil ag leibhéal fochéime agus leibhéal iarchéime.</p> <p>(S, D)</p>	<p>Tá an <u>Scoil</u> ag déanamh athbhreithniú ar a straitéis margaíochta. Tá athruithe tarlaithe agus nuair a ghlactar iad i gcomhar le moltaí PRG is gá athrú straitéise. Tá leathnú mór ar an soláthar iarchéime in 2004. Níl seirbhísí oifigeach Gaeilge níos mó ag an Scoil chun tabhairt faoi fheachtais mhargaíochta. Ciallaíonn athruithe sa timpeallacht mhaoinithe nach bhfuil cistí seachtracha d'fhógairt an chlár BSc ar fáil níos mó, siúd is go leanfaidh tacaíocht AE don chlár nua iarchéime go dtí 2006.</p> <p>Ní hindéanta agus ní cuí a thuilleadh cuairteanna ar mhórsála ó fhoireann Fiontar chuig scoileanna. Tabharfar faoi spriocfheachtais áitiúla ach déanfar príomhbair mhargaíochta Fiontar as seo amach a chomhordú le tionscnaimh <u>Dáimhe</u> (trína coiste margaíochta nuabhunaithe) and leis an Oifig Chumarsáide agus Margaíochta agus eagraíochtaí seachtracha. Is iad Cathaoirligh na gClár agus riarthóir Fiontar a bheidh mar phríomh-chomhordaitheoirí ar ghníomhaíochtaí margaíochta a bhainfidh lena gcuid clár. Déanfar tionscnaimh mhargaíochta a threorú freisin trí Chlár Rochtana DCU.</p> <p>Údar misnigh don Scoil freagra an mhargaidh ar an Teastas/Diplóma/MA nua sa Chleachtas Dátheangach. Beidh an <u>Scoil</u> páirteach i dtionscnamh modúlaithe na hOllscoile agus sna deiseanna a thugann siad chun mic léinn a mhealladh chuig modúil éagsúla. Fiosrófar tionscnaimh nua, lena n-áirítear pórtfóilíonna leictreonacha a fhorbairt le linn 2005.</p> <p>Déanfaidh an <u>Scoil</u> spriocphlean margaíochta do (i) earcaíocht fochéime (ii) earcaíocht iarchéime ina n-áireofar (i) tiomsú pórtfóilíó leictreonaigh (ii) bunachar sonraí teagmhálacha i scoileanna agus (iii) graif a léiríonn briseadh síos cohóirt reatha mac léinn de réir na scoileanna as a dtagann siad (iv) socrúcháin INTRA agus (v) fostaíocht céimithe agus sonraí eile a bhaineann le margú Fiontar. Déanfar an togra a chostasú agus a chur faoi bhráid an <u>Choiste Buiséid</u>.</p>

	<p>Forbróidh an scoil modúl píolótach idirbhliana i bhfiontraíocht dírithe ar scoileanna roghnaithe agus go háirithe scoileanna lánGhaelacha agus scoileanna Gaeltachta a d'fhéadfaí a sheachadadh ar líne agus aghaidh ar aghaidh. Beidh an modúl sin freisin ina dheis margaíochta thábhachtach. Déanfar an togra a chostasú agus a chur faoi bhráid an <u>Choiste Buiséid</u>.</p>
<p>P1.3 Gá le straitéis margaíochta agus tacaíocht ó Oifigí na hOllscoile (O)</p>	<p>(féach Pointe 1.2 thuas). Creideann an <u>Scoil</u> go bhfuil tacaíocht ón lár-riarachán san Ollscoil riachtanach chun gníomhaíochtaí na scoile a chur chun cinn agus ó thaobh earcaíochta mac léinn. Ba chóir go mbeadh an tacaíocht sin mar ghné thábhachtach faoin Straitéis Cumarsáide agus Margaíochta i Scéim Teanga na hOllscoile.</p>
<p>P1.4 Dhá fhorbairt faoi láthair a thugann deiseanna sonracha do Fiontar ná nádúr athraitheach tionscail laistigh den Ghaeltacht agus an tAcht nua a cheanglaíonn ar gach roinn agus gníomhaireacht rialtais seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tá Fiontar i riocht maith le buntáiste a bhaint as sin ó thaobh cláir a sholáthar, b'fhéidir modúil 'aonair' a thairiscint. (S)</p>	<p>Ó bhí cuairt an PRG ann tá breis tionscnamh curtha i bhfeidhm ag an <u>Scoil</u> sa réimse sin le tabhairt isteach an chlár MA sa Chleachtas Dátheangach (le tacaíocht ó mhaoiniú Interreg an AE). Tá suim mhór léirithe sa chlár uathúil, nuálaíoch anseo. Tá cohórt iomlán de 20 mac léinn páirtaimseartha ar na chéad mic léinn a chláraigh in 2004. Is as ceantair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath go leor acu agus is é an t-ardán ríomhfhoghlama MOODLE a dhéanann an seachadadh den chuid is mó ar na modúil. Cuid thábhachtach den chlár is ea aoichainteoirí idirnáisiúnta, ócáidí iad a bhíonn oscailte don phobal agus fógraítear iad.</p>
<p>Léann agus Taighde</p>	
<p>P1.5 Tá riachtanas mór le straitéis taighde éifeachtach as a leanfaidh sruth foilseachán in irisí acadúla measúla.</p>	<p>Cuirfidh an <u>Scoil</u> an moladh seo isteach mar chuid dá straitéis taighde. Samhlaítear go dtabharfaidh an straitéis sin aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas i measc nithe eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Earcú ar mhic léinn taighde; • Oideachas iarchéime i modhanna taighde;

<p>(S)</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Maoiniú taighde; • Aschuir taighde fhoireann Fiontar; • Straitéis foilsithe; <p>Straitéis taighde le forbairt i mbliain a haon le breithniú cuí ar dheiseanna le comhoibriú le pobail teanga</p>
<p>P1.6</p> <p>Molann an PRG go ndíreofaí go mór ar shainmhíniú a dhéanamh ar thionscadal/clár mór nó ar dhá thionscadal/chlár mhóra a mhaoineofaí ó fhoinsí seachtracha agus as a leanfadh (a) tuarascáil nó tuarascálacha dírithe ar pholasaí don chliant agus (b) sruth de pháipéir acadúla bunaithe ar na sonraí céanna laistigh de na lárhdisciplíní éagsúla.</p> <p>(S, D)</p>	<p>Mar a léirigh tuarascáil an PRG tá éirithe an-mhaith go dtí seo le Fiontar ó thaobh maoiniú breise a fháil agus go háirithe ó thaobh mórthionscadal AE a fheidhmiú. Ó bhí cuairt an PRG ann tá ceadú faighte ag an <u>Scoil</u> ón AE do mhórtionscadal i dtéarmaíocht na Gaeilge, tionscadal ar fiú €737,000 é cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann, lena reáchtáil idir 2004-2007 agus 7 d'fhoireann thiomanta fostaithe maidir leis faoi láthair. Soláthraíonn an tionscadal sin go sonrach deiseanna do pháipéir acadúla agus tá an tosaíocht sin pléite le comhpháirtithe an tionscadail in Ollscoil Lampeter sa Bhreatain Bheag. Tabharfaidh an <u>Scoil</u> tosaíocht d'aithint phríomhthionscadail straitéiseacha eile a chuirfidh leis an obair i gcróidhisciplíní agus a chuirfidh leis an gClár Oibre taighde.</p>
<p>Foireann, Cóiríocht agus Acmhainní</p>	
<p>P1.7</p> <p>Údar imní an coibhneas íseal ó thaobh fhoireann bhuan leis an bhfoireann shealadach rud a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt Fiontar. Molann an PRG léachtóir buan eile a cheapadh go práinneach ag an leibhéal sinsearach. Molann sé freisin go leagfadh Fiontar plean cúig bliana amach ina mbeadh 50% den fhoireann le stádas buan ag deireadh na tréimhse sin. D'fháiltigh PRG roimh thiomantas an Uachtaráin do Fiontar agus feiceann deis le brí a thabhairt don tacaíocht sin trí tuilleadh foirne a cheapadh go buan.</p> <p>(O)</p>	<p>Aontaíonn an <u>Scoil</u> go láidir leis an moladh seo agus braitheann go bhfuil an sprioc de 50% d'fhoireann bhuan ag deireadh phlean forbartha cúig bliana riachtanach agus réadúil. Chun go leanfaí leis an leibhéal reatha agus leis an raon soláthair lena n-áirítear trí chlár teagaisc agus dhá mhórtionscadal AE is gá struchtúr foirne inmharthana. Tá aghaidh tugtha ag an Scoil ar an bpráinn a bhaineann le ceapadh léachtóir sinsearach buan agus tá aontaithe ag an Ollscoil an post a fhógairt san Earrach 2005 mar gur féidir é a mhaoiniú laistigh de na leibhéil acmhainní reatha. Tá iarratas breise ar fhoireann 2005-2008 le 50% de na poist a chur ar bhonn buan á réiteach faoi láthair agus cuirfear isteach é tríd an Dámh chuig an gCoiste Buiséid in Earrach 2005. Éileoidh feidhmiú iomlán struchtúir inmharthana roinnt maoinithe bhreise ach is léir nach bhféadfar leanúint ar aghaidh le croí-lár de thrí phost bhuaana.</p>

<p>P1.8</p> <p>Gá leis an líon foirne le PhD a ardú. Admhaíonn an PRG go bhfuil roinnt tacaíochta ann dó sin faoi láthair sa chleachtas maidir le hualach oibre a dháileadh. Molaimid áfach roinnt breise acmhainní ón Dámh i bhfoirm maoiniú, saoire shabóideach ghearr etc.</p> <p>(D)</p>	<p>Fáilteoidh an <u>Scoil</u> roimh aon tacaíocht ón Dámh ó thaobh acmhainní breise a chuideoidh le foireann Fiontar a gcuid PhD a thabhairt chun críche. Tá PhD ag beirt den fhoireann acadúil, tá triúr eile cláraithe don PhD, duine acu beagnach críochnaithe. Spreagann an Scoil an fhoireann chun tabhairt faoi thaighde ag leibhéal dochtúireachta agus éascaíonn an cur chuige sin chomh maith agus is féidir laistigh de na saoráidí agus na hacmhainní atá ar fáil.</p>
<p>P1.9</p> <p>Rialacháin chun deis a thabhairt d'fhoireann ar conradh rochtain a bheith acu ar dheontais mhaoinithe taighde. De bharr an mheascáin scileanna atá ann faoi láthair dealraíonn sé go bhfuil cosc ar roinnt den fhoireann i Fiontar iarratas a dhéanamh ar scéimeanna maoinithe éagsúla laistigh den Ollscoil. Tá gá leis sin a athbhreithniú agus cás speisialta a dhéanamh.</p> <p>(O)</p>	<p>Féadtar maoiniú a leithroinnt d'fhoireann ar conradh in aon scéim taighde arna réachtáil ag an <u>Ollscoil</u> ar an gcoinníoll go mbeidh conradh acu do thréimhse an deontais. Eascraíonn na deacrachtaí is mó ó thaobh iarratas chuig gníomhaireachtaí maoinithe seachtracha, IRCHSS mar shampla. Braitheann an <u>Scoil</u> gur fearr a oireann na meicníochtaí maoinithe do thaighde sna daonnachtaí, agus i dteangacha go háirithe, do na samhlacha traidisiúnta seachas do thionscnaimh nuálaíocha idirdhisciplíneacha ina mbeadh buntáiste ag an <u>Scoil</u> agus ag <u>Dámh</u> na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta i DCU.</p>
<p>P1.10</p> <p>Mar gheall ar an meascán reatha scileanna ní mór do Fiontar sraith pleannanna aonair a dhéanamh chun tacú leis an bhfoireann staidéir PhD a thabhairt chun críche.</p> <p>(S)</p>	<p>Leanfar ag tabhairt tacaíochta do dhaoine aonair ar fhoireann <u>Fiontar</u> atá ag gabháil don PhD trí tháilí a íoc agus lá taighde sa tseachtain a thabhairt dóibh, de réir mar is cuí ó thaobh a gcuid riachtanas taighde. Leanfaidh <u>Fiontar</u> ag cuidiú le hiarratais ó dhaoine aonair ar an bhfoireann le páipéir a chur i láthair ag comhdhálacha ach triail a bheith bainte ar dtús as deiseanna eile maoinithe.</p> <p>Aithníonn <u>Fiontar</u> na srianta a chuireann timpeallacht idirdhisciplíneach bheag ar thaighdeoirí aonair ó thaobh forbairt a dhéanamh ar a gcuid sainiúlachtaí aonair os rud é nach féidir mais chriticiúil taighdeoirí a bhaint amach sa Scoil.</p> <p>Bainfidh an Scoil leas as tionscnaimh sa Dámh a dtabharfaidh an Déan Comhlachais Taighde fúthu go háirithe oiliúint i modhanna taighde agus oiliúint i maoirseacht mhic léinn iarchéime.</p> <p>Siúd is go bhfáiltíonn an Scoil roimh an deis do thacaíocht do thaighde agus tionscnaimh sa</p>

	<p><u>Dámh</u> ní bhaineann cuid de na sainiúlachtaí atá ag foireann Fiontar le Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta. Spreagtar daoine aonair ar an bhfoireann go gníomhach le naisc chuí a bhaineann lena gcuid riachtanas taighde a dhéanamh lasmuigh den scoil, den dámh agus den ollscoil.</p> <p>Aithníonn an <u>Scoil</u> go mbraithfidh a stádas acadúil amach anseo cuid mhaith ar thaighdeoirí aonair a bheidh in ann gréasáin taighde a chruthú agus a fhorbairt laistigh de phobal taighde níos leithne, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.</p>
<p>Seirbhísí Sóisialta agus Pobail</p>	
<p>P1.11 Molann PRG go leathnófaí an rochtain ar chlár Fiontar m.sh. mic léinn aibí nó an "Clár Rochtana". (S)</p>	<p>Ó bhí cuairt an PRG ann tá dul chun cinn déanta cheana féin ag an <u>Scoil</u> ó thaobh forbairt a dhéanamh ar an MA sa Chleachtas Dátheangach. Samhlaítear freisin nuair a thabharfaidh an <u>Ollscoil</u> modúlú isteach go mbeidh breis deiseanna ann le tuilleadh modúl a thabhairt isteach. Tabharfaidh tuilleadh forbartha ar an seachadadh ar líne deis do Fiontar díriú go forghníomhach ar mhic léinn aibí agus mic léinn lasmuigh d'abhantrach DCU.</p>
<p>P1.12 Molann an PRG an méid a chuireann Fiontar go leanúnach le forbairt an oideachais faoi mar a léiríodh i bhforbairt ábhar teagaisc m.sh. an foclóir téarmaíochta agus an chomhdháil ag tús 2003. (S)</p>	<p>Leanfaidh an Scoil ag tabhairt tosaíochta d'fhorbairt téarmaíochta i nGaeilge. Tabharfaidh an leathnú mór ar an soláthar sin trí thionscadal a bheidh maoinithe ag an AE (féach P1.6) deis do DCU cuidiú go mór agus go cuí le húsáid ICT i nGaeilge ó thaobh na scoileanna ar fad agus an pobal trí chéile agus ceadaíodh maoiniú an AE ar bhunús bhonn leathan an tionscadail.</p> <p>Leanfaidh an <u>Scoil</u> ag forbairt nasc sa phobal idirnáisiúnta agus tabharfaidh faoi thionscnaimh a éileoidh saineolas i réimse sholáthar oideachais mionteangacha.</p>

P2: Moladh atá tábhachtach ach a bhféadfar (agus ar chóir b'fhéidir) aghaidh a thabhairt air in amscála níos faide.

<p>Moladh i dTuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe</p> <p>(Tá an leibhéal cuí freagra tugtha i lúibíní, cibé ag leibhéal na Scoile (S), na Dáimhe (D) nó Coiste Feidhmeach na hOllscoile/Bainistíocht Shinsearach (O))</p>	<p>Freagra sa Phlean Feabhais Cáilíochta</p>
<p>Cúlra agus Comhthéacs</p>	
<p>P2.1 Cé go bhfuil roinnt nasc idirdhisciplíneach neamhfhoirmiúil idir Fiontar agus aonaid eile in DCU, chuir an PRG béim ar an ngá atá ag Fiontar feabhas a chur ar "líonrú" laistigh den Ollscoil. (S, D, O)</p>	<p>Aontaíonn an <u>Scoil</u> le moladh an PRG gur chóir gach iarracht a dhéanamh le líonraí a chruthú go héifeachtach laistigh de struchtúir na hOllscoile. Glacann foireann Fiontar páirt thar ceann na <u>Scoile</u> ar mhórstruchtúir na hOllscoile lena n-áirítear an Chomhairle Acadúil, Bord Dhámh na nDaonnachtaí, An Painéal Comhairleach Taighde, an Coiste um Míchumas, an Coiste um Theagasc agus um Fhoghlaim i measc struchtúir eile. Fáiltíonn an Scoil roimh dheiseanna nua a bheith rannpháirteach ar choistí nua <u>Dáimhe</u> agus cinn eile a thagann as Theme Leader Activities (féach freisin P 2 .6)</p>
<p>P2.2 Cé gur dealraitheach go ndearctar ar Fiontar ar leithligh laistigh den Ollscoil agus go bhfuil an dearcadh san Ollscoil 'go bhfuil Fiontar éagsúil', is dealraitheach go bhfuil na mic léinn lánpháirteach go maith agus go mbíonn ionadaíocht ag an Scoil ar Choistí na hOllscoile m.sh. RAP. Tá roinnt nasc neamhfhoirmiúil idirdhisciplíneach freisin idir Fiontar agus na haonaid eile laistigh de DCU. Molann an PRG go ndéanfaí institiúidiú ar chuid de na nasc sin. (S)</p>	<p>Cuirfidh an <u>Scoil</u> an moladh seo i bhfeidhm thar thréimhse phlean forbartha cúig bliana. Ní chreideann an scoil gur míbhuntáiste di an tuiscint 'go bhfuil Fiontar éagsúil' ach creideann gur chóir leas a bhaint as. Baineann an moladh seo le saincheisteanna polasaí, struchtúir riaracháin agus acmhainní a dhéanfar a bhreithniú laistigh de cheapadh plean forbartha cúig bliana.</p>

Eagrú agus Bainistíocht na Scoile	
<p>P2.3 Suíomh Fiontar i nDámh na nDaonnachtaí. Ní mór cúram a ghlacadh lena chinntiú nach gcuireann Fiontar a aistriú go dtí na Daonnachtaí isteach ar an gcuidreamh le Ríomhaireacht agus Gnó agus nach gcuireann sé isteach ar naisc bhreise a fhorbairt le Ríomhaireacht agus Gnó. (S, D)</p>	<p>Is cuid thábhachtach fós iad na modúil Ríomhaireachta agus Ghnó den chlár MSc agus den chlár fochéime. Is gnéithe tábhachtacha staidéir iad freisin sa chlár MA go háirithe sa Riarachán Poiblí. Tuigeann an <u>Scoil</u> gur fócas tábhachtach ach ní ceann eisiach ó thaobh fhorbairt na Scoile iad na modúil Daonnachtaí. Tíocfaidh deiseanna do chomhoibriú idirdhisciplíneach freisin ó thionscnaimh mhodúlaithe agus ó thionscadail trasdámhe.</p> <p>Is é suíomh fisiciúil faoi láthair d'fhoireann acadúil Fiontar agus dá n-oifig riaracháin trí Ghaeilge ná DCUBS. Aithníonn an Scoil go bhfuil an-tábhacht leis sin chun príomhcheangal le gnó a choinneáil in intinn na foirne, na mac léinn agus na gcúairteoirí ó lasmuigh, go háirithe iad sin a mbíonn baint acu le bunú fiontraíochta. Is í an earnáil ghnó an earnáil is mó a fhostaíonn céimithe de chuid Fiontar.</p>
<p>P2.4 An Grúpa comhairleach de dhaoine inmheánacha agus seachtracha a chur ar bun arís chun "bord comhairle" a dhéanamh mar thacaíocht agus mar fhorbairt ar Fiontar. (D)</p>	<p>Bunóidh an Scoil bord comhairle nua mar a moladh. Is é tuairim na <u>Scoile</u> gur chóir don 'bhord comhairle' sin, siúd is go mbeadh bonn leathan faoi, feidhmiú faoi bhainistíocht na <u>Scoile</u> in áit feidhmiú ag leibhéal na <u>Dáimhe</u>.</p>
<p>P2.5 Ráiteas misin a fhorbairt ag Fiontar agus ag an Dámh a thabharfaidh aitheantas do threo agus d'aetas. (S, D)</p>	<p>Feidhmeoidh an <u>Scoil</u> ráiteas misin mar chuid den phlean forbartha cúig bliana agus cuideoidh le ráiteas misin na <u>Dáimhe</u>.</p>

<p>P2.6 Molann PRG go bhforbródh Fiontar tráthchlár de chruinnithe le seirbhísí tacaíochta laistigh den Ollscoil chun comhoibriú a fhorbairt, b'fhéidir duine "naisc" ó Fiontar a ainmniú do gach seirbhís. (S, D)</p>	<p>Soláthróidh na struchtúir nua i nDámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta an bonn do chuid mhaith den ghníomhaíocht seo. Is é riarthóir na Scoile an príomhnasc agus an príomhphointe teagmhála idir an <u>Scoil</u> agus seirbhísí na <u>hOllscoile</u>. Éascófar comhordú trí na comhshocruithe riaracháin nua trína gcoinníonn an <u>Scoil Rúnaí</u> (Grád III) agus cuirfidh Oifig na <u>Dáimhe</u> tacaíocht Ghrád IV ar fáil trí Ghaeilge. Tá naisc thábhachtacha ag an Scoil leis an bpobal teanga seachtrach a ndéanann sí freastal air. Le croífhóireann de 7 lánaimseartha acadúil tuigeann an Scoil go mb'fhéidir go mbeadh an iomarca d'ualach ag baint le suí ar bhreis coistí mar gheall ar na hacmhainní foirne teoranta agus caithfear cóimheá réasúnta a bhaint amach.</p>
<p>Cláir agus Teagasc</p>	
<p>P2.7 Molann an PRG gur chóir go ndéanfadh Fiontar monatóireacht ar an mbaol go ndéanfaí lagú ar ghné an ghnó sa chúrsa céime ós rud é go ndearna an ghné sin na céimithe i bhfad níos tarraingtí don phobal fostaíochta. (S)</p>	<p>(Féach an freagra ar P2.3 thuas). De ghnáth luaitear an comhdhéanamh idirdisciplíneach de theanga le gnó agus feidhmiúcháin TE mar phríomh-inspreagthacht le linn earcú iarchéime agus an ní a mheallann daoine chuig DCU in áit ollscoileanna níos traidisiúnta.</p>

<p>P2.8 Oibriú ar phlean margaíochta, i.e. pórtfóilió leictreonach a fhorbairt. (S, D, O)</p>	<p>(féach 1.2 thuas) Beidh plean margaíochta mar chuid mhór den phlean forbartha don <u>Scoil</u> agus meastar go mbeidh comhoibriú leis an Oifig Chumarsáide agus Margaíochta tábhachtach le go n-éireodh le plean den sórt sin. Déanfar taighde, forbairt agus tástáil ar chur chuige phórtfóilió leictreonach sa ghearrthéarma ach na hacmhainní a bheith ann. Go bunúsach, is láithreán gréasáin cuimsitheach a bheidh ansin le naisc mhaithe le tionscadail agus acmhainní.</p>
<p>P2.9 Tá sé riachtanach leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar sheachadadh malartach clár (S)</p>	<p>Measann an <u>Scoil</u> go bhfuil an-tábhacht leis seo ó thaobh rathúlacht agus forbairt leanúnach Fiontar. Ó bhí cuairt an PRG ann sa Mhárta thug an <u>Scoil</u> faoi mhóorthionscadal ó thaobh fhorbairt a dhéanamh ar chlár MA nua. Déantar an clár sin a sheachadadh trí dhianteagasc agus ceardlann ag an deireadh seachtaine agus trí theagasc ar líne trí MOODLE. Tá MOODLE aistrithe go Gaeilge ag an <u>Scoil</u> le cuidiú airgeadais ó Thionscnamh Teagaisc agus Foghlama laistigh den Ollscoil.</p>

P3: Moladh a éilíonn breithniú grinn ach nach meastar a bheith mar chuid dhlúth de cháilíocht gníomhaíochtaí leanúnacha sa Scoil.

<p>Moladh i dTuarascáil Phiarghrúpa Athbhreithnithe</p> <p>(Tá an leibhéal cuí freagra tugtha i lúibíní, cibé ag leibhéal na Scoile (S), na Dáimhe (D) nó Coiste Feidhmeach na hOllscoile/Bainistíocht Shinsearach (O))</p>	<p><i>Freagra sa Phlean Feabhais Cáilíochta</i></p>
---	--

Eagrú agus Bainistíocht na Scoile	
P3.1 Uirlis do leithdháileadh an ualaigh oibre a fhorbairt (D)	Comhoibreoidh an <u>Scoil</u> go gníomhach le tionscnaimh a dtabharfaidh an <u>Dámh</u> fúthu chun uirlis do leithdháileadh an ualaigh oibre a fhorbairt
Scoláireacht agus Taighde	
P3.2 Comhghairdeas le Fiontar as a chomhdháil le déanaí. Moltar go leanfadh Fiontar le tionscnaimh cheannródaíocha den sórt sin agus go dtacódh an Ollscoil le gníomhaíochtaí den sórt sin. (S)	Leanfaidh an <u>Scoil</u> le tionscnaimh cheannródaíocha den sórt sin de réir mar a bheidh acmhainní ar fáil. Faoi thionscadal AE Interreg 3D/Fiontar teanga, tá sraith de shaineolaithe idirnáisiúnta ag tabhairt aoi-léachtaí ar / MA sa Chleachtas Dátéangach le linn 2004-05.
Foireann, Cóiríocht agus Acmhainní	
P3.3 Gá le “meantóireacht” a fhorbairt don fhoireann atá ag tosú ag teagasc. (S)	Breithneoidh an <u>Scoil</u> go cuí ar chóir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bpacáiste acmhainní agus ar na comhshocruithe meantóireachta neamhfhoirmiúla atá ann cheana féin. Tá sé i gceist freisin leanúint le tacaíocht teanga agus téarmaíochta a chur ar fáil don fhoireann teagasc agus leanúint de mhaoiniú seachtrach a lorg d’oiliúint foirne agus d’fhorbairt sna réimsí sin. Bainfear leas iomlán as tionscnamh na <u>Dáimhe</u> chun tacú le gréasánú foirne agus forbairt, comhdháil na Dáimhe mar shampla.
P3.4 Gá le tuilleadh tacaíochta ón Ollscoil d’fhoireann	Rannpháirtíocht fhoireann nua de chuid na <u>Scoile</u> ar chlár oiliúna agus treoshuimh arna eagrú ag an roinn Oiliúna agus Forbartha <u>d’Acmhainní Daonna</u> . D’fháilteofaí roimh réamhsheisiún ar

<p>Fiontar, m.sh. treoshuíomh do dhaoine nua ar an bhfoireann. (O)</p>	<p>Fheasacht Teanga agus Ceanglais Dí d'fhoireann nua ar fad DCU le linn an insealbhairthe faoi Scéim na Gaeilge, atá á ullmhú ag an <u>Ollscoil</u> faoi láthair.</p>
---	--

3. RIACHTANAIS ACMHAINNÍ TOSAÍOCHTAITHE

1. Plean Margaíochta

A. Spriocphlean margaíochta a dhéanamh do (i) earcú fochéimithe (ii) agus earcú iarchéimithe.

D'áireofaí sa phlean (i) pórtfóilió leictreonach a thiomsú (ii) bunachar sonraí i scoileanna agus (iii) graif a léireodh briseadh síos cohóirt mac léinn faoi láthair de réir na scoileanna as ar tháinig siad (iv) socruithe oibre INTRA agus (v) fostaíocht céimithe agus sonraí cuí eile a bhaineann le margaíocht Fiontar.

An togra le costasú agus le cur faoi bhráid an Choiste Buiséid.

B. Modúl píolótach idirbhliana i bhfiontraíocht a fhorbairt dírithe ar scoileanna roghnaithe go háirithe i scoileanna lánGhaeilge agus scoileanna Gaeltachta a dhéanfaí a sheachadadh ar líne agus aghaidh ar aghaidh Bheadh an modúl sin freisin go maith mar uirlis mhargaíochta.

An togra le costasú agus le cur faoi bhráid an Choiste Buiséid.

4.

ACHOIMRE AR PHLEAN BLIANA 04-05.

1. Straitéis AD cúig bliana a leagan amach do Fiontar arna chomhaontú idir an Scoil, an Dámh agus an Ollscoil. Bheadh comhaontú i bprionsabal don mholadh seo mar réamhriachtanas don phlean forbartha cúig bliana, má tá an leibhéal reatha seirbhísí le coinneáil agus má táthar le leas a bhaint as deiseanna forbartha.
2. Forbairt ar straitéis taighde faoi Fhómhar 2005 lena feidhmiú thar thréimhse cúig bliana.
3. Forbairt ar phlean margaíochta agus réamhfheidhmiú agus tástáil ar an 'bporrfóilió leictreonach' mar dhlúthghné den straitéis mhargaíochta.
4. Forbairt a dhéanamh ar sheachadadh cúrsaí trí sheachadadh ar líne go háirithe trí MOODLE lena n-áirítear forbairt 9 modúl nua don Teastas/Diplóma/MA sa Chleachtas Dátheangach.
5. Feidhmiú ar phríomhchéim gníomhaíochta de thionscadal AE Fiontar Téarmaí Unedig
6. Tabhairt chun críche Phlean Forbartha Cúig Bliana 2005-10 de réir leithroinnt acmhainní arna chomhaontú faoi 1 thuas.

5. ACHOIMRE PHLEAN CÚIG BLIANA 2005-2010

1. Forbairt ar oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge agus ról agus áit Fiontar san forbairt sin;
2. Ráiteas Misin a leagan amach do Fiontar;
3. Na réimsí agus an cur chuige d'fhorbairtí amach anseo a aithint trí rúncáipéis straitéise a ullmhú;
4. Na hacmhainní is gá d'fhorbairt Fiontar go ceann cúig bliana agus thairis a aithint;
5. Straitéis taighde thar an tréimhse a neartóidh stádas acadúil Fiontar a fheidhmiú agus foilseacháin a spreagadh;
6. Malairt straitéisí teagaisc a fhorbairt agus go háirithe cur chuige ar líne ó thaobh sheachadadh cúrsaí a fhorbairt;
7. Cláir nua a bhainfidh le forbairt straitéiseach Fiontar agus athleagan amach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chláir atá ann mar fhreagairt ar na deiseanna ar an margadh a aithint.

IARSCRÍBHINN A HAON

Comhaltaí :

- **An Coiste Cáilíochta Aonaid (don Tuarascáil Féinmheasúnaithe)**

An Dr. Peadar Ó Flatharta
John Walsh
Máiréad Nic Giolla Mhichíl
Ciarán Mac an Bhaird
Bairbre Ní Chonghaile
Sorcha De Brún

- **An Piarghrúpa Athbhreithnithe**

An Dr. Donncha Ó Maidín, An Roinn Eolaíochta Ríomhaireachta & Córas Faisnéise, Ollscoil Luimnigh, Luimneach (Cathaoirleach)

An tOllamh Maureen Murphy, An Roinn Curaclaim & Teagaisc, Ollscoil Hofstra, Long Island, Nua Eabhrac, Stáit Aontaithe Mheiriceá

An tOllamh Brendan Whelan, An Stiúrthóir, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath

An tOllamh Martin Clynes, Scoil na Biteicneolaíochta, DCU

Sheelagh Wickham, Uasal, An Scoil Altranais, DCU (Rapóirtéir)

- **An Coiste Cáilíochta Aonaid (don Phlean Feabhais Cáilíochta)**

An Dr. Caoilfhionn Nic Pháidín
Ciarán Mac an Bhaird
Emer Ní Bhrádaigh
Máire Ní Sheighin
Mairéad Nic Giolla Mhichíl
Niall Ó Cearbhaill
An Dr. Peadar Ó Flatharta
Cathal Ó Foirréidh